2025/1945

30.9.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/1945 ÓN gCOIMISIÚN

an 29 Meán Fómhair 2025

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bailíochtú ríomhshínithe cáilithe agus ríomhshéalaí cáilithe agus le bailíochtú ríomhshínithe ardleibhéil bunaithe ar dheimhnithe cáilithe agus ríomhshéalaí ardleibhéil bunaithe ar dheimhnithe cáilithe

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Iúil 2014 maidir le ríomh-shainaitheantas agus seirbhísí iontaoibhe le haghaidh ríomh-idirbheart sa mhargadh inmheánach agus lena n-aisghairtear Treoir 1999/93/CE ([1]), agus go háirithe Airteagal 32(3), Airteagal 32a(3), Airteagal 40 agus Airteagal 40a de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Ríomhshínithe cáilithe, ríomhshéalaí cáilithe, ríomhshínithe ardleibhéil bunaithe ar dheimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshínithe agus ríomhshéalaí ardleibhéil bunaithe ar dheimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshéalaí, ar choinníoll gur féidir a mbailíocht a dheimhniú, sláine agus barántúlacht na sonraí sínithe nó séalaithe a áirithiú do pháirtithe is úsáideoirí, agus feabhas a chur ar an gcinnteacht maidir le céannacht an tsínitheora nó an chruthaitheora séala. Tá ról ríthábhachtach ag na ríomhshínithe agus na ríomhshéalaí sin i dtimpeallacht an ghnó dhigitigh tríd an aistriú ó phróisis thraidisiúnta pháipéarbhunaithe go cinn choibhéiseacha leictreonacha a chur chun cinn.

(2) Ba cheart feidhm a bheith ag an toimhde comhlíontachta a leagtar síos in Airteagal 32(1), Airteagal 40, Airteagal 32a(3) agus Airteagal 40a de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 i gcás ina gcomhlíonann na próisis chun ríomhshínithe cáilithe, ríomhshéalaí cáilithe, ríomhshínithe ardleibhéil bunaithe ar dheimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshínithe agus ríomhshéalaí ardleibhéil atá bunaithe ar dheimhnithe cáilithe le haghaidh ríomhshéalaí na caighdeáin theicniúla a leagtar amach sa Rialachán seo. Ba cheart na caighdeáin sin a bheith ina léiriú ar chleachtais sheanbhunaithe agus ba cheart iad a aithint go forleathan laistigh de na hearnálacha ábhartha. Ba cheart iad a oiriúnú chun rialuithe breise a chur san áireamh lena n-áirithítear an cumas bailíocht theicniúil na sínithe agus na séalaí sin a fhíorú, agus, i gcás inarb infheidhme, a stádas cáilithe.

(3) Déanann an Coimisiún measúnú tráthrialta ar theicneolaíochtaí, cleachtais, caighdeáin nó sonraíochtaí teicniúla nua. I gcomhréir le hAithris 75 de Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]), ba cheart don Choimisiún an Rialachán Cur Chun Feidhme seo a athbhreithniú agus a thabhairt cothrom le dáta, más gá, chun é a choimeád i gcomhréir le forbairtí domhanda, leis an gcreat ailtireachta agus tagartha, agus chun na dea-chleachtais ar an margadh inmheánach a leanúint.

(4) Tá feidhm ag Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([3]), agus, i gcás inarb ábhartha, ag Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) maidir leis na gníomhaíochtaí próiseála sonraí pearsanta uile faoin Rialachán seo.

([1]) IO L 257, 28.8.2014, lch. 73, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/910/oj.

([2]) Rialachán (AE) 2024/1183 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Aibreán 2024 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 a mhéid a bhaineann leis an gCreat Eorpach um Chéannacht Dhigiteach a bhunú (IO L, 2024/1183, 30.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1183/oj).

([3]) Rialachán (AE) 2016/679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 27 Aibreán 2016 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Treoir 95/46/CE (An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí) (IO L 119, 4.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/679/oj).

([4]) Treoir 2002/58/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 12 Iúil 2002 maidir le sonraí pearsanta a phróiseáil agus maidir le príobháideachas a chosaint san earnáil cumarsáide leictreonaí (an Treoir maidir le príobháideachas agus cumarsáid leictreonach) (IO L 201, 31.7.2002, lch. 37, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2002/58/oj).

(5) Chuathas i gcomhairle leis an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí i gcomhréir le hAirteagal 42(1) de Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]) agus thug sé a thuairim uaidh an 6 Meitheamh 2025.

(6) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir le tuairim an choiste a bunaíodh le hAirteagal 48 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Caighdeáin agus sonraíochtaí tagartha

1. Leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an Rialachán seo na caighdeáin agus na sonraíochtaí tagartha dá dtagraítear in Airteagal 32(3) agus in Airteagal 40 de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014.

2. Leagtar amach na caighdeáin agus na sonraíochtaí tagartha dá dtagraítear in Airteagal 32a(3) agus in Airteagal 40a de Rialachán (AE) Uimh. 910/2014 in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Meán Fómhair 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([5]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1725/oj).

IARSCRÍBHINN I

Liosta caighdeán tagartha agus sonraíochtaí chun ríomhshínithe cáilithe agus ríomhshéalaí cáilithe a bhailíochtú

Tá feidhm ag caighdeáin ETSI TS 119 172-4 V1.1.1 (2021-05) ([1]) ('ETSI TS 119 172-4'), agus ETSI TS 119 102-2 V1.4.1 (2023-06) ([2]) ('ETSI TS 119 102-2') leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

1. Le haghaidh ETSI TS 119 172-4

(1) 2.1 Tagairtí normatacha:

— [1] ETSI EN 319 102-1 V1.4.1 (2024-06) 'Ríomhshínithe agus Bonneagair Iontaoibhe; Nósanna imeachta chun Sínithe Digiteacha AdES a Chruthú agus a Bhailíochtú; Cuid 1: Cruthú agus Bailíochtú'.

— Tuigfear gur tagairtí do 'ETSI TS 119 102-1 [1]' iad gach tagairt do 'ETSI EN 319 102-1 [1]'.

— [2] ETSI TS 119 612 V2.3.1 (2024-11) 'Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair; Liostaí Iontaofa'.

— [13] ETSI TS 119 101 V1.1.1 (2016-03) 'Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair; Ceanglais bheartais agus slándála maidir le hiarratais ar chruthú sínithe agus ar bhailíochtú sínithe'.

(2) 4.2 Srianta bailíochtaithe agus nósanna imeachta bailíochtaithe, ceanglas REQ-4.2-03, roinn 'X.509 srianta bailíochtaithe', pointe c):

— (i) Más ionann deimhniú eintitis deiridh agus cúltaca iontaoibhe, ní úsáidfear na Srianta Seiceála Cúlghairme.

— (ii) Mura léiríonn deimhniú eintitis deiridh cúltaca iontaoibhe, socrófar na Srianta Seiceála Cúlghairme chuig 'ceachtar seiceáil' mar a shainmhínítear in ETSI TS 119 172-1 [3], clásal A.4.2.1, tábla A.2 rónna (m)2.1.

— (iii) Má léiríonn deimhniú eintitis deiridh cúltaca iontaoibhe, ní úsáidfear na Srianta Seiceála Cúlghairme a shainmhínítear in ETSI TS 119 172-1 [3], clásal A.4.2.1, tábla A.2 rónna (m)2.2.

— (iv) Mura léiríonn deimhniú eintitis deiridh cúltaca iontaobhais, úsáidfear na Srianta Seiceála Cúlghairme a shainmhínítear in ETSI TS 119 172-1 [3], clásal A.4.2.1, tábla A.2 rónna (m)2.2 le luach uasta 24 uair an chloig le haghaidh an deimhnithe sínithe. Ní shocrófar aon luach le haghaidh na Srianta Seiceála Cúlghairme le haghaidh deimhnithe seachas an deimhniú sínithe, lena n-áirítear deimhnithe a thacaíonn le stampaí ama.

(3) 4.3 Ceanglais maidir le bailíochtú sínithe agus rialacha infheidhmeachta maidir le cleachtais a sheiceáil

— REQ-4.3-02 Comhlíonfaidh iarratais ar bhailíochtú sínithe ETSI TS 119 101 [13].

([1]) ETSI TS 119 172-4 – Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair; Beartais maidir le Síniú; Cuid 4: Rialacha maidir le hinfheidhmeacht sínithe (beartas bailíochtaithe) le haghaidh ríomhshínithe/séalaí leictreonacha cáilithe Eorpacha ina n-úsáidtear liostaí iontaofa, V1.1.1 (2021-05).

([2]) ETSI TS 119 102-2 – Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair; Nósanna imeachta chun Sínithe Digiteacha AdES a Chruthú agus a Bhailíochtú; Cuid 2: Tuarascáil Bailíochtaithe an tSínithe, V1.4.1 (2023-06).

(4) 4.4 Próiseas seiceála na hinfheidhmeachta teicniúla (rialacha)

— REQ-4.4.2-03 Má theipeann ar aon cheann de na seiceálacha a shonraítear in REQ-4.4.2-01, ansin:

(a) stopann an próiseas;

(b) cinnfear go teicniúil go bhfuil an síniú neamhchinntithe, i.e. nach ríomhshíniú cáilithe AE ná ríomhshéala cáilithe AE é; agus

(c) léireofar an toradh thuas agus torthaí phróisis na bpróiseas idirmheánach uile sa tuarascáil seiceála ar na rialacha maidir le hinfheidhmeacht sínithe.

IARSCRÍBHINN II

Liosta caighdeán tagartha agus sonraíochtaí chun ríomhshínithe ardleibhéil a bhailíochtú bunaithe ar dheimhnithe cáilithe agus ar ríomhshéalaí ardleibhéil bunaithe ar dheimhnithe cáilithe

Tá feidhm ag caighdeáin ETSI TS 119 172-4 V1.1.1 (2021-05) ([1]) ('ETSI TS 119 172-4'), agus ETSI TS 119 102-2 V1.4.1 (2023-06) ([2]) ('ETSI TS 119 102-2') leis na hoiriúnuithe seo a leanas:

1. Le haghaidh ETSI TS 119 172-4

(1) 2.1 Tagairtí normatacha:

— [1] ETSI EN 319 102-1 V1.4.1 (2024-06) 'Ríomhshínithe agus Bonneagair Iontaoibhe; Nósanna imeachta chun Sínithe Digiteacha AdES a Chruthú agus a Bhailíochtú; Cuid 1: Cruthú agus Bailíochtú'.

— Tuigfear gur tagairtí do 'ETSI TS 119 102-1 [1]' iad gach tagairt do 'ETSI EN 319 102-1 [1]'.

— [2] ETSI TS 119 612 V2.3.1 (2024-11) 'Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair; Liostaí Iontaofa'.

— [13] ETSI TS 119 101 V1.1.1 (2016-03) 'Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair; Ceanglais bheartais agus slándála maidir le hiarratais ar chruthú sínithe agus ar bhailíochtú sínithe'.

(2) 4.2 Srianta bailíochtaithe agus nósanna imeachta bailíochtaithe, ceanglas REQ-4.2-03, roinn 'X.509 srianta bailíochtaithe', pointe c):

— (i) Más ionann deimhniú eintitis deiridh agus cúltaca iontaoibhe, ní úsáidfear na Srianta Seiceála Cúlghairme.

— (ii) Mura léiríonn deimhniú eintitis deiridh cúltaca iontaoibhe, socrófar na Srianta Seiceála Cúlghairme chuig 'ceachtar seiceáil' mar a shainmhínítear in ETSI TS 119 172-1 [3], clásal A.4.2.1, tábla A.2 rónna (m)2.1.

— (iii) Má léiríonn deimhniú eintitis deiridh cúltaca iontaoibhe, ní úsáidfear na Srianta Seiceála Cúlghairme a shainmhínítear in ETSI TS 119 172-1 [3], clásal A.4.2.1, tábla A.2 rónna (m)2.2.

— (iv) Mura léiríonn deimhniú eintitis deiridh cúltaca iontaobhais, úsáidfear na Srianta Seiceála Cúlghairme a shainmhínítear in ETSI TS 119 172-1 [3], clásal A.4.2.1, tábla A.2 rónna (m)2.2 le luach uasta 24 uair an chloig le haghaidh an deimhnithe sínithe. Ní shocrófar aon luach le haghaidh na Srianta Seiceála Cúlghairme le haghaidh deimhnithe seachas an deimhniú sínithe, lena n-áirítear deimhnithe a thacaíonn le stampaí ama.

(3) 4.3 Ceanglais maidir le bailíochtú sínithe agus rialacha infheidhmeachta maidir le cleachtais a sheiceáil

— REQ-4.3-02 Comhlíonfaidh iarratais ar bhailíochtú sínithe ETSI TS 119 101 [13].

(4) 4.4 Próiseas seiceála na hinfheidhmeachta teicniúla (rialacha)

— REQ-4.4.2-03 Má theipeann ar aon cheann de na seiceálacha a shonraítear in REQ-4.4.2-01, ansin:

(a) stopann an próiseas;

(b) cinnfear go teicniúil go bhfuil an síniú neamhchinntithe, i.e. mar ríomhshíniú ardleibhéil bunaithe ar dheimhniú cáilithe AE, ná mar ríomhshéala ardleibhéil bunaithe ar dheimhniú cáilithe AE; agus

([1]) ETSI TS 119 172-4 – Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair; Beartais maidir le Síniú; Cuid 4: Rialacha maidir le hinfheidhmeacht sínithe (beartas bailíochtaithe) le haghaidh ríomhshínithe/séalaí leictreonacha cáilithe Eorpacha ina n-úsáidtear liostaí iontaofa, V1.1.1 (2021-05).

([2]) ETSI TS 119 102-2 – Ríomhshínithe agus Ríomhbhonneagair; Nósanna imeachta chun Sínithe Digiteacha AdES a Chruthú agus a Bhailíochtú; Cuid 2: Tuarascáil Bailíochtaithe an tSínithe, V1.4.1 (2023-06).

(c) léireofar an toradh thuas agus torthaí phróisis na bpróiseas idirmheánach uile sa tuarascáil seiceála ar na rialacha maidir le hinfheidhmeacht sínithe.

— REQ-4.4.2-04 ar neamhní.

— REQ-4.4.2-05 ar neamhní.

— REQ-4.4.2-06 Ag an bpointe sin den phróiseas TARC, má chomhlíontar na coinníollacha seo a leanas:

(a) cinntear an deimhniú sínithe, ag an am sínithe is fearr, mar dheimhniú cáilithe de chuid an Aontais le haghaidh ríomhshínithe (le haghaidh ríomhshéalaí faoi seach), mar a shonraítear in REQ-4.4.2-02 a); agus

(b) is é IOMLÁN-PAS toradh an phróisis a dhéantar mar a shonraítear i gclásal 4.2 den doiciméad seo,

ansin cinnfear go bhfuil an síniú digiteach oiriúnach go teicniúil chun ríomhshíniú ardleibhéil AE a chur chun feidhme bunaithe ar dheimhniú cáilithe (ríomhshéala ardleibhéil de chuid an Aontais bunaithe ar dheimhniú cáilithe faoi seach), nó ní chinnfear an síniú go teicniúil mar ríomhshíniú ardleibhéil AE bunaithe ar dheimhniú cáilithe, ná mar ríomhshéala ardleibhéil de chuid an Aontais bunaithe ar dheimhniú cáilithe.